C/2025/3214

13.6.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/3214)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Graves’

PDO-FR-A1012 — AM04 19.3.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Graves’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniuchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Syndicat viticole des graves et graves supérieures (Comhlachas saothróirí fíniúna Graves agus Graves supérieures)

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge de réir an tsainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143, i.e. ní leasuithe ar leibhéal an Aontais iad de réir bhrí Airteagal 24(3) den Rialachán sin. Go sonrach, maidir leis na leasuithe:

(a) níl i gceist leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar na táirgí nó ar na catagóirí táirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl baol ann go gcuirfear an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní leo;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Fíonta geala ina bhfuil siúcraí iarmharacha a áireamh*

Is mian le comhlachas saothróirí fíniúna an ATFC 'Graves supérieures' a aisghairm agus na fíonta ina bhfuil siúcraí iarmharacha a chumhdaítear leis an ainmniúchán sin faoi láthair a áireamh san ainmniúchán 'Graves'. Cumhdaíonn sonraíocht táirge aonair an dá ainmniúchán faoi láthair.

Leis an iarratas sin, scriostar gach tagairt don ATFC 'Graves supérieures' ón tsonraíocht. Tagraítear do na fíonta atá i gceist anois mar 'fíonta geala ina bhfuil siúcraí iarmharacha'. Níl aon athrú ar na ceanglais táirgthe i gcás na bhfíonta sin. Déanfar iarratas ar an ATFC 'Graves supérieures' atá le haisghairm, arna tharraingt suas ag an ngrúpa táirgeoirí, a sheoladh chuig an gCoimisiún Eorpach.

Is mian leis na táirgeoirí go ndéanfaí táirgí uile a limistéir a ghrúpáil faoi aon ainmniúchán amháin chun a dtairiscint a dhéanamh níos comhleanúnaí agus níos éasca le tuiscint do thomhaltóirí. Níl aon athrú ar na ceanglais táirgthe i gcás fíon geal tirim agus fíon dearg faoin ainmniúchán Graves.

De réir Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, baineann fíon geal ina bhfuil siúcraí iarmharacha leis an gcatagóir 'fíon'.

Rinneadh roinnt ranna den doiciméad aonair a thabhairt cothrom le dáta mar chuid den leasú:

— Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha – saibhriú: Cuireadh isteach tuairisc ar mhodh an tsaibhrithe i gcás an fhíona ghil ina bhfuil siúcraí iarmharacha.

— Tuairisc ar na fíonta: Cuireadh isteach tuairisc ar an bhfíon geal ina bhfuil siúcraí iarmharacha.

— Uastáirgeachtaí: Cuireadh uastáirgeachtaí isteach i gcás na bhfíonta geala ina bhfuil siúcraí iarmharacha.

— Coinníollacha breise

2. *Cion na bhfíniúnacha marbha agus na bhfíniúnacha atá ar iarraidh agus ceanglais eile fáis*

Cuireadh riail leis an tsonraíocht lena sonraítear nach ceadmhach fíniúnacha marbha a choinneáil ar na dáileachtaí talún ach nach mór iad a thabhairt chun bealaigh.

Cuireadh an méid seo a leanas isteach freisin:

— toirmeasc ar shrianadh ceimiceach fiailí

— ceanglas maidir le cumhdach féir

— oibleagáid ar oibreoirí a n-innéacs minicíochta cóireála a ríomh.

Tá sé d'aidhm ag na hathruithe sin ionchais an phobail a chomhlíonadh agus tionchar na n-ionchur táirgthe ar an mbithéagsúlacht a theorannú.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

3. *Bearta idirthréimhseacha*

Chuaigh na bearta idirthréimhseacha in éag in 2020 agus, dá bhrí sin, scriosadh iad ón tsonraíocht.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

4. *Lipéadú*

Molann an grúpa táirgeoirí an fhoráil seo a leanas a chur leis an tsonraíocht:

Ó bhliain fíona 2026 ar aghaidh, ní mór an t-aitheantóir comhchoiteann a leagtar síos i reachtanna chomhlachas saothraithe fíona Graves, a chuirtear ar fáil do gach oibreoir, a áireamh ar lipéadú na bhfíonta.

Creideann an grúpa táirgeoirí go gcabhróidh sainaithint níos soiléire le feabhas a chur hinfheictheacht na dtáirgí, go gcosnóidh sé clú an ainm agus go dtabharfaidh sé threoir do thomhaltóirí nuair atá ceannachán á dhéanamh acu.

Dá bhrí sin, is mian leis an ngrúpa rialacha aonfhoirmeacha maidir le lipéadú a thabhairt isteach le haghaidh fíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán 'Graves' agus cur i bhfeidhm reachtanna lena leagtar síos aitheantóir comhchoiteann sainordaitheach a fhorchur. Cuirfidh an t-aitheantóir ar a chumas feachtais chumarsáide agus chur chun cinn réidhe a reáchtáil lena gcumhdaítear na táirgí go léir.

Thairis sin, is é 'Vin de Bordeaux' nó 'Grand Vin de Bordeaux' an t-aonad geografach níos mó anois, mar is gnách don réigiún.

Leasaíodh an roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Coinníollacha breise' dá réir sin.

5. *An dáta cúrsaíochta idir trádstórais údaraithe a scriosadh*

Scriosadh dáta theacht i gcúrsaíocht na bhfíonta idir trádstórais údaraithe chun ligean do na fíonta a bheith i gcúrsaíocht idir na hoibreoirí uile atá suite sa limistéar.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

6. *Comhlacht rialúcháin*

Cuireadh athfhriotal ar an bhfaisnéis faoin gcomhlacht rialúcháin chun í a ailíniú leis an bhfaisnéis a úsáidtear i sonraíochtaí táirge eile. Níl i gceist leis sin ach leasú eagarthóireachta.

Tugadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (Institut national de l'origine et de la qualité, INAO) cothrom le dáta.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Graves

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC - Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— - 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíon dearg socair*

Táirgtear na fíonta dearga ó mheascán cothrom de chineálacha fíniúna ina soláthraíonn Cabernet Sauvignon N dea-bholaithe agus struchtúr, ina dtugann Merlot N cumhracht agus boige agus ina gcomhlánaíonn Cabernet Franc N, Petit-Verdot N, Malbec N agus Carmenère N na nithe sin. Nuair a bhíonn siad óg, is iondúil dtagann dea-bholaithe torthaí dearga lena ngabhann bolaithe spíosracha rósta chun cinn sna fíonta. Is fíonta galánta agus struchtúrtha, mín agus aramatach iad a aosaíonn go comhchuí, agus d'fhéadfadh boladh fíneálta deataigh a bheith ag baint lena gcumhracht. Ag brath ar bhliain fíona agus ar thionscnamh, tógann sé idir 5 bliana agus10 mbliana ar na fíonta a mbuaicphointe a bhaint amach. Neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte: 11 %; Neart alcóil iomlán de réir toirte tar éis saibhrithe: 13,5 %. Tá an coipeadh malalachtach sainordaitheach i gcás na bhfíonta dearga. Ní ceadmhach an cion aigéid mhalaigh a bheith níos mó ná 0,30 g in aghaidh an lítir. Níor cheart an méid siúcra choipthigh a bheith níos mó ná 3 g in aghaidh an lítir.

Ní mór saintréithe anailíseacha eile na bhfíonta dearga a bheith laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Fíon geal tirim socair*

Bíonn na fíonta geala galánta agus feolmhar. Agus iad déanta as cineál Semillon B, is iondúil go mbíonn blasanna bláthacha agus olarthacht nádúrtha orthu, in éineacht le húire uaireanta. Nuair a chumasctar iad le Sauvignon B, rud a thugann cáilíocht bhríomhar, léiritheach dóibh, agus le Muscadelle B, rud a thugann boladh beagáinín muscach dóibh, is minic a bhíonn dea-bholaithe bláthanna agus torthaí citris ar na fíonta, agus uaireanta bíonn bolaithe andúchasacha nó bolaithe meantóil orthu. Cuireann an cleachtas a úsáidtear uaireanta chun na fíonta a aibiú i mbairillí le saibhreas agus le castacht na bhfíonta tar éis roinnt blianta d'aosú. Neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte: 10,5 %; neart alcóil iomlán de réir toirte tar éis saibhrithe: 13 %. Níor cheart an méid siúcra choipthigh a bheith níos mó ná 4 g in aghaidh an lítir.

Ní mór saintréithe anailíseacha eile na bhfíonta geala tirime a bheith laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,27

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *Fíon geal ina bhfuil siúcraí iarmharacha*

Déantar fíon geal ina bhfuil siúcraí iarmharacha as fíonchaora ró-aibí a bhuantar de láimh i roghanna leantacha, ar den chineál Semillon B iad den chuid is mó. Táirgeann an cineál sin fíonta maothlacha, flaithiúla a bhfuil dath órga orthu agus dea-bholaithe torthaí criostalaithe orthu. Cuireann cumasc féideartha le Sauvignon B nó Muscadelle B blas úire leo. Tá siad an-oiriúnach do chúpla bliain d'aosú, ach is féidir taitneamh a bhaint as na fíonta freisin agus iad óg. Neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte: 13,5 %; neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte: 12 %. Ní ceadmhach an méid siúcra choipthigh tar éis saibhrithe a bheith níos mó ná 34 g in aghaidh an lítir.

Ní mór saintréithe anailíseacha eile na bhfíonta geala ina bhfuil siúcraí iarmharacha a bheith taobh istigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 25

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Dlús agus spásáil

An modh saothraithe

Is é 5 000 fíniúin in aghaidh an heicteáir an dlús plandaithe íosta. Níor cheart an spásáil idir na sraitheanna fíniúna a bheith níos mó ná 2 mhéadar, agus ní mór an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith 0,80 méadar ar a laghad.

2. Rialacha maidir le prúnáil

An modh saothraithe

Déantar an phrúnáil ag céim na nduilleog neamhfhillte (céim 9 Lorenz) ar a dhéanaí. Na fíniúnacha ar a mbíonn 12 bhachlóg in aghaidh an phlanda ar a mhéad, déantar iad a phrúnáil de réir na dteicnící seo a leanas:

— prúnáil spoir nó cána;

— prúnáil spoir chuig dhá thródam, nó feanphrúnáil chuig ceithre ghéag.

3. Uisciú

An modh saothraithe

Chun fíonta dearga agus fíonta geala tirime a tháirgeadh, ní cheadaítear uisciú le linn shéasúr fáis na bhfíniúnacha ach amháin má chuireann triomach leanúnach isteach ar fhorbairt fhiseolaíoch fhónta na bhfíniúnacha agus ar aibiú na bhfíonchaor.

4. Saibhriú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ceadaítear teicnící laghdúcháin saibhrithe suas le ráta tiúchana 15 % i gcás fíonta dearga.

Ní ceadmhach neart alcóil iomlán na bhfíonta dearga de réir toirte a bheith níos mó ná 13,5 % tar éis an tsaibhrithe.

Ní ceadmhach neart alcóil iomlán na bhfíonta geala de réir toirte a bheith níos mó ná 13 % tar éis an tsaibhrithe.

Féadfar na fíonta geala ina bhfuil siúcraí iarmharacha a shaibhriú trí úsáid a bhaint as úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe nó trí thirimshiúcrú, ach ní ceadmhach a neart alcóil iomlán de réir toirte a bheith níos mó ná 15 % tar éis an tsaibhrithe. Ceadaítear saibhriú trí thiúchan páirteach a úsáid i dtáirgeadh fíona, faoi réir teorainn tiúchain 10 % i gcás na méideanna a shaibhrítear ag úsáid an mhodha sin, lena bhfágtar gur féidir an neart alcóil iomláin de réir toirte a mhéadú go 19 %.

5.2. *Uastáirgeachtaí*

1. Fíon dearg

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíon geal

68 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Fíon geal ina bhfuil siúcra iarmharach

48 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta sna bardais seo a leanas de roinn Gironde, bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 26 Feabhra 2020: Arbanats, Ayguemorte-les-Graves, Beautiran, Bègles, La Brède, Budos, Cabanac-et-Villagrains, Cadaujac, Canéjan, Castres-Gironde, Cérons, Cestas, Eisíní, Gradignan, Guillos, le Haillan, Illats, Isle-Saint-Georges, Landiras, Langon, Léogeats, Léognan, Martillac, Mazères, Mérignac, Pessac, Podensac, Portets, Pujols-sur-Ciron, Roaillan, Saint-Médard-d'Eyrans, Saint-Michel-de-Rieufret, Saint-Morillon, Saint-Pardon-de-Conques, Saint-Pierre-de-Mons, Saint-Selve, Saucats, Talence, Toulenne, Villenave-d'Ornon agus Virelade; agus sa chuid de bhardas Coimères a fhreagraíonn do Roinn A, 'des Herrères', den chéad leathanach den chlár talún (plean athbhreithnithe 1934), a deimhníodh a bheith i gcomhréir leis an gclár talún tugtha cothrom le dáta an 5 Samhain 2010.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Carmenère N

Cot N – Malbec

Merlot N

Muscadelle B

Petit Verdot N

Sauvignon B – Sauvignon Blanc

Sauvignon Gris G - Fié gris

Semillon B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Tá limistéar geografach ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Graves' ina stiall 10 km ar leithead atá suite ar bhruach clé an Garonne, a thosaíonn ó thuaidh ó Bordeaux agus a chríochnaíonn soir ó dheas ó Langon.

Mar a thugann an t-ainm le fios, is é atá i réigiún 'Graves' ithreacha atá comhdhéanta de scaineagáin, púróga, gairbhéal garbh den chuid is mó agus gaineamh measctha le siolta agus cré, agus iad lonnaithe in áiteanna ar charraig chailcreach ach, i gcoitinne, ar ghaineamh íon, ar ghaineamhchloch ina bhfuil mórán iarainn (alios) nó ar chré. Cuimsítear leis an limistéar 43 bhardas i roinn Gironde.

Tá na hithreacha sin ann mar thoradh ar stair gheolaíoch fhada chasta, a bhfuil dlúthbhaint aici le bunús an Garonne, le hathruithe ar a cúrsa agus le tréimhsí oighreacha comhleanúnacha le linn na ré ceathartha. Le linn na dtréimhsí sin, chreim oighearshruthanna na bPiréiní gleannta, a chruthaigh gairbhéal agus bolláin a tugadh ansin le sruth aibhneacha chuig réigiún Bordeaux. Níl fágtha de na sil-leaganacha comhleanúnacha sin ach cnocáin ghairbhéil de gach cineál agus gach méid.

Maidir leis na hithreacha a foirmíodh ó shin, tá siad go léir an-tréscaoilteach mar gheall ar a gcion ard gairbhéil agus scaineagáin. Tá struchtúr agus íomhá shármhaitheasa fhíonta 'Graves' bunaithe ar na hithreacha sin, cé nach iad na hithreacha sin amháin a thugann a gcáilíochtaí do na fíonta. Trí shreabhadh an uisce a spreagadh, áirithíonn na fánaí draenáil dromchla fhoirfe, a fhaigheann tacaíocht freisin ó líonra mór hidreagrafach sruthanna beaga, ar craobhaibhneacha an Garonne iad. Sna cineálacha ithreach sin, rialáiltear soláthar uisce na bhfíniúnacha go hanmhaith.

Baineann na fíonghoirt tairbhe as aeráid ar leith atá fabhrach. San iarthar, cosnaíonn foraoisí péine iad ar aimsir chrua tríd an ról tábhachtach rialála teochta atá acu, áirithíonn gaireacht an Garonne aerú agus aeráil nádúrtha, ar nithe iad sin a chosnaíonn iad ar theochtaí arda agus ar bhogthaise iomarcach, agus cuidíonn tionchair mhuirí le sioc an earraigh a mhaolú. Tá tírdhreacha fíonghoirt an limistéir suite idir an abhainn agus na foraoisí péine, áit ina bhfrithchaitheann púróga geala snasta solas ar na fíonchaora.

Is é limistéar 'Graves' áit dúchais mhórfhíonta geala agus dearga Bordeaux agus is ann a ceapadh na teicnící a úsáidtear go dtí an lá atá inniu ann. San aeráid mhuirí sin, d'éiligh fás fíniúnacha *échalas* (cuaillí tacaíochta) ón 17ú agus ón 18ú haois agus, ina dhiaidh sin, treilísiú forleathan agus prúnáil dhian chun buaint fíonchaor dea-dháilte agus limistéar duilleog leordhóthanach le haghaidh fótaisintéise agus le haghaidh aibíocht is fearr is féidir a áirithiú.

I gcomhréir le Foraithne an 4 Márta 1937 lena mbunaítear an t-ainmniúchán tionscnaimh rialaithe 'Graves', tá an limistéar dáileachta talún a shainítear le haghaidh bhuaint na bhfíonchaor roinnte ina dháileachtaí talún ar saintréith díobh sláintíocht nádúrtha, arb é is cúis léi a gcáilíocht draenála nó a suíomh ar bharr cnoic nó ar fhána. Eisiatar leis suíomhanna a thagan faoi réir shioc an earraigh ar chúiseanna tíreolaíochta nó topagrafaíochta, toisc go bhfuil siad rófhada ón Garonne nó toisc go bhfuil siad timpeallaithe ag foraois a chuireann bac ar shreabhadh maiseanna aeir fhuair.

Áirithítear leis na dáileachtaí talún a shainítear go beacht an fhorbairt is fearr is féidir ar na cineálacha fíniúna áitiúla a roghnaíodh le himeacht ama le haghaidh a gcáilíochtaí coinneála agus aosaithe, rud a fhágann gur féidir na fíonta a iompar thar achair fhada.

Cuireann ithir an limistéir sin, atá clochach agus te, gan é a bheith an-torthúil, teorainn nádúrtha le táirgeadh fíona dheirg ach, dá ainneoin sin, cuireann sí ar chumas na gcineálacha Cabernet Sauvignon N agus Merlot an aibíocht is fearr is féidir a bhaint amach, rud a fhaigheann cuidiú freisin ón rialáil teochta mar thoradh ar ghaireacht an Garonne. Tá struchtúr maith ag na fíonta a fhaightear ar an dóigh sin agus aosaítear ina dhiaidh sin iad de réir mar is gá chun aibíocht agus an léiriú is fearr is féidir a bhaint amach sula gcuirtear ar an margadh iad do thomhaltóirí.

Tá na hithreacha níos gainmhí agus na hithreacha lena ngabhann maitrís chréúil níos oiriúnaí chun na fíonta geala a chumhdaítear leis an ainmniúchán a tháirgeadh, ar fíonta iad a dhéantar go príomha as na cineálacha fíniúna Sauvignon B agus Semillon B. Soláthraíonn na cineálacha sin úire a chumascann lena bhfíneáltacht agus lena mblasanna torthaíocha bláthacha.

Tá an dlús plandaithe íosta ard chun buaint leordhóthanach a áirithiú gan na fíniúnacha a ró-ualú, rud a ráthaíonn aibíocht na bhfíonchaor agus an tiúchan is fearr is féidir.

Fuair an t-ainmniúchán tionscnaimh rialaithe 'Graves' cáil idirnáisiúnta a bhuí le calafort Bordeaux in aice láimhe, áit ar forbraíodh trádáil ghnóthach chun na fíonta a mhargú ar fud an domhain, in éineacht lena shuíomh uathúil agus le dálaí ithreach an limistéir déanta fíona.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Cuimsíonn an limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú le maolú maidir leis na fíonta a dhéanamh, a fhorbairt agus a aosú, críoch na mbardas seo a leanas de chuid roinn Gironde, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 26 Feabhra 2020: Barsac, Béguey, Bieujac, Bommes, Cadillac, Fargues, Langoiran, Loupiac, Le Pian-sur-Garonne, Preignac, Rions, Saint-Loubert, Saint-Maixant, Saint-Pierre-d'Aurillac, Sainte-Croix-du-Mont, Sauternes agus Castets et Castillon (an chuid a fhreagraíonn do chríoch iarbhardas Castets-en-Dortheon sular cumascadh é le Castillon-de-Castets an 1 Eanáir 2017).

Aonad geografach níos mó

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an t-aonad geografach níos mó 'Vin de Bordeaux' nó 'Grand Vin de Bordeaux' a shonrú ar lipéid na bhfíonta atá i dteideal an t-ainmniúchán tionscnaimh chláraithe a úsáid.

Níor cheart do mhéid na litreacha a úsáidtear i gcás an aonaid gheografaigh níos mó sin a bheith níos mó, in airde ná ar leithead, ná dhá thrian den mhéid a úsáidtear le haghaidh na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe.

Sonrú ar an méid siúcra

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór an cion siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) a chur in iúl ar lipéid na bhfíonta geala i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

Aitheantóir comhchoiteann

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ó bhliain fíona 2026 ar aghaidh, ní mór an t-aitheantóir comhchoiteann a leagtar síos i reachtanna chomhlachas saothraithe fíona Graves, a chuirtear ar fáil do gach oibreoir, a áireamh ar lipéadú na bhfíonta.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-9297c0a9-87a6-466b-ad0e-c7d12f75277d